**IRISH UNIVERSITIES ACT, 1908**

**ACHT CHOLÁISTE PHRÍOMH-SCOILE NA GAILLIMHE, 1929**
**ACHT NA nOLLSCOILEANNA, 1997**

**OLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH**

# RIALACHÁN 1/2003

## Irish Universities Act, 1908

## Acht Choláiste Phríomh-Scoile na Gaillimhe, 1929
## Acht na nOllscoileanna, 1997

## Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

### RIALACHÁN 1/2003

Faoi agus de bhua na gcumhacht chuige sin a bheirtear dúinn ag na hAchtanna thuasluaite, déanaimidne, Údarás na hOllscoile ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, tríd an ionstraim seo faoi Shéala Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, an Rialachán atá sa Sceideal seo thíos chun rialú ginearálta na hOllscoile sin.

Arna thabhairt faoi Ghnáth-Shéala Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, an naoú lá fichead seo d'Aibreán, Dhá Mhíle agus a Trí.

I láthair nuair a greamaíodh Gnáth-Shéala Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, dó seo:

**L.S.**

Iognáid Ó Muircheartaigh, *Uachtarán*
Séamus Mac Mathúna, *Rúnaí*

### Sceideal - RIALACHÁN 1/2003

## Irish Universities Act, 1908

## Acht Choláiste Phríomh-Scoile na Gaillimhe, 1929
## Universities Act, 1997

## National University of Ireland, Galway

### REGULATION 1/2003

WE, Údarás na hOllscoile of National University of Ireland, Galway, under and by virtue of the powers in that behalf conferred on us by the above Acts, DO by this present instrument under the Seal of National University of Ireland, Galway, make the Regulation contained in the Schedule hereto for the general government of the said University.

Given under the Common Seal of National University of Ireland, Galway, this twenty-ninth day of April, Two Thousand and Three.

Present when the Common Seal of National University of Ireland, Galway, was affixed hereto:

**L.S.**

Iognáid Ó Muircheartaigh, *Uachtarán*
Séamus Mac Mathúna, *Rúnaí*

### Schedule - REGULATION 1/2003

## CAIBIDIL I

## AN LEAS-UACHTARÁN UM THIONSCNAIMH STRATÉISEACHA AGUS GHNÓTHAÍ EACHTRACHA

1. Mura gcinneann agus go dtí go gcinnfidh Údarás na hOllscoile a mhalairt, beidh freagracht ar leith ar an Leas-Uachtarán um Thionscnaimh Straitéiseacha agus Ghnóthaí Eachtracha faoi stiúrú an Uachtaráin agus de réir an pholasaí a chinnfear ag Údarás na hOllscoile, as polasaí na hOllscoile sna réimsí seo a leanas a chumadh agus as maoirsiú a dhéanamh ar fheidhmiú an pholasaí sin:

   a) Tionscnaimh Straitéiseacha agus Gnóthaí Eachtracha : áireofar iontu sin nascanna le hollscoileanna agus institiúidí eile oideachais agus taighde agus áisínteachtaí forbartha sa tír seo agus lasmuigh; cláracha Eorpacha gluaiseachta, oideachais agus oiliúna; scoileanna samhraidh; agus cibé Tionscnaimh Straitéiseacha a chinnfidh an tUachtarán ó am go chéile.

   b) Gnóthaí Iar-Mhacléinn : ina measc sin beidh Cumann Céimithe Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (agus Cumann Céimithe na Gaillimhe á ionchorprú ann).

   c) Foilseacháin oifigiúla, faisnéis oifigiúil agus caidreamh poiblí.

   d) Liaison Tionscail : ina measc sin beidh cúrsaí Gairmthreorach agus Lonnú Mac Léinn.

   e) Conarthaí seachtracha Taighde agus Forbartha.

2. Beidh freagracht ar leith ar an Leas-Uachtarán um Thionscnaimh Straitéiseacha agus Ghnóthaí Eachtracha as gnéithe forbartha agus straitéiseacha an Oideachais Aosaigh agus Leanúnaigh : beidh an fhreagracht sin le comhlíonadh i gcomhairle leis an Meabhránaí agus Uachtarán Ionaid agus ar bhealach a thiocfaidh le feidhmiú na ndualgas agus na gceart reachtúil uile ag an Meabhránaí agus Uachtarán Ionaid i dtaca le gnó acadúil na hOllscoile.

3. Beidh freagracht ar leith ar an Leas-Uachtarán um Thionscnaimh Straitéiseacha agus Ghnóthaí Eachtracha as comhairle a thabhairt don Uachtarán agus d'Údarás na hOllscoile ar ghnóthaí a bhaineann le maoiniú seachtrach, Fundúireacht Ollscoil na Gaillimhe san áireamh, agus tacaíocht sheachtrach na hOllscoile agus as comhordú a dhéanamh ar an straitéis agus na struchtúir thacaíochta don Uachtarán sa réimse oibre seo.

4. Beidh an Leas-Uachtarán um Thionscnaimh Straitéiseacha agus Ghnóthaí Eachtracha ina c(h)omhalta d'Fhoireann Bhainistíochta na hOllscoile agus beidh sé/sí i láthair, de réir mar is gá, ag cruinnithe d'Údarás na hOllscoile agus d'aon choiste de sin a bhaineann le hábhar.

5. Rachaidh an Leas-Uachtarán um Thionscnaimh Straitéiseacha agus Ghnóthaí Eachtracha i gcomhairle, de réir mar a ordóidh an tUachtarán, le hoifigigh eile

den Ollscoil ar na nithe sin is cuid spéise i bpáirt acu agus le daoine eile, de réir mar is iomchuí.

## CAIBIDIL II

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i ngníomh an naoú lá fichead d'Aibreán, Dhá Mhíle agus a Trí, agus féadfar Rialachán 1/2003, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, a ghairm de, nó Rial. 1/2003, O. na hÉ., Gaillimh.

I láthair nuair a greamaíodh Gnáth-
Shéala Ollscoil na hÉireann,
Gaillimh, dó seo:

**L.S.**

Iognáid Ó Muircheartaigh, *Uachtarán*
Séamus Mac Mathúna, *Rúnaí*

# CHAPTER I

## THE VICE-PRESIDENT FOR STRATEGIC INITIATIVES AND EXTERNAL AFFAIRS

1. Unless and until Údarás na hOllscoile shall have determined otherwise, the Vice-President for Strategic Initiatives and External Affairs shall have particular responsibility, under the direction of the President and in accordance with policy determined by Údarás na hOllscoile, for formulating and overseeing the implementation of University policy in the following areas:

   a) Strategic Initiatives and External Affairs : these to include links with universities and other educational and research institutions and development agencies, within and outside the country; European mobility, education and training programmes; summer schools; and such Strategic Initiatives as the President may from time to time determine.

   b) Alumnus affairs : these to include the NUI Galway Alumni Association (incorporating Cumann Céimithe na Gaillimhe).

   c) Official publications, official information and public relations.

   d) Industrial Liaison : these to include Careers and Placement.

   e) External Research and Development Contracts.

2. The Vice-President for Strategic Initiatives and External Affairs shall have a particular responsibility for the developmental and strategic aspects of Adult and Continuing Education, this responsibility to be discharged in consultation with the Registrar and Deputy-President and consistently with the exercise of all statutory obligations and rights of the Registrar and Deputy-President in respect of the academic business of the University.

3. The Vice-President for Strategic Initiatives and External Affairs shall have particular responsibility for advising the President and Údarás na hOllscoile on matters relating to external endowment, including Galway University Foundation and support of the University and for coordinating the strategy and the structures of support for the President in this area of operation.

4. The Vice-President for Strategic Initiatives and External Affairs shall be a member of the University Management Team, and shall attend, as required, at meetings of Údarás na hOllscoile and of any relevant committees thereof.

5. The Vice President for Strategic Initiatives and External Affairs shall consult, as directed by the President, with other officers of the University in respect of matters of common concern and with others, as appropriate.

**CHAPTER II**

1. This Regulation shall come into operation on the twenty-ninth day of April, Two Thousand and Three, and may be cited as Regulation 1/2003, National University of Ireland, Galway, or Reg. 1/2003, Nat. Univ. of I., Galway.

Present when the Common
Seal of National University of
Ireland, Galway, was affixed hereto:

**L.S.**

Iognáid Ó Muircheartaigh, *Uachtarán*
Séamus Mac Mathúna, *Rúnaí*